

Dréacht-Treoir maidir leis an gCuntas Míosúil

Dréachtaithe ag ionadaithe ó na comhlachtaí seo:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- An Clár Náisiúnta Ionductaithe do Mhúinteoirí

Aibreán 2011

Clár Ábhar

Réamhrá Ginearálta.....	4
Cuspóir an Chuntais Mhíosúil.....	4
Cad ba chóir a áireamh i gcuntas míosúil múinteora?	
Ábhar	5
Machnamh	5
Fórmáidí an Chuntais Mhíosúil.....	6
Cúinsí eagraíochtúla.....	6

Cuntas Míosúil

Réamhrá Ginearálta

Ag deireadh gach míosa ceanglaítear ar gach múinteoir ranga achoimre scríofa den obair a rinneadh sna hábhair éagsúla a sholáthar. Deirtear an méid seo i Riail 126 de na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta ...

*...ba chóir an chuid den churaclam a bpléitear léi le linn na míosa a lua i gcuntas míosúil, a gcomhaontófar a fhormáid ag leibhéal na scoile. **Taifead tábhachtach scoile** is ea an cuntas míosúil, agus tá a chúram ar cheann de dhualgais an phríomhoide. Ba chóir go mbeadh sé ar fáil sa scoil i gcónaí le linn na bliana lena mbaineann agus ar feadh bliain iomlán ar a laghad i ndiaidh dheireadh na bliana sin.*

Cáipéis ríthábhachtach is ea an cuntas míosúil, mar sin, agus ba chóir go gcaithfeadh scoileanna leis dá réir sin.

Cuspóir an Chuntais Mhíosúil

Is é cuspóir an chuntais mhíosúil taifead a chur ar fáil ar **a bhfuil múinte ag múinteoir** agus/nó breithiúnas gairmiúil an mhúinteora **ar dhul chun cinn foghlama na leanaí** le linn na míosa sin.

Chun na críche sin, beidh eolas luachmhar ar fáil sa chuntas míosúil

don mhúinteoir ranga agus é/í

- o ag déanamh faireachán ar dhul chun cinn an chlár teagaisc agus/nó ar dhul chun cinn fhoghlaim na leanaí
- o ag pleanáil na chéad sraithe eile foghlama
- o ag ullmhú tuairiscí ar dhul chun cinn leanaí do thuismitheoirí
- o ag comhoibriú leis an mhúinteoir riachtanas speisialta oideachais

don phríomhoide agus é/í

- o ag déanamh faireachán ar chur i bhfeidhm an churaclaim agus ar chuir chuige uile-scoile
- o ag ullmhú d'athbhreithniú uile-fhoirne ar an bPlean Scoile

don chigireacht agus í

- o ag meas chaighdeán na foghlama agus an teagaisc i rang

do mhúinteoir na chéad bhliana eile agus é/í

- o ag pleanáil na chéad sraithe eile foghlama don rang

Ba chóir go n-éascódh an cuntas míosúil **eachtarshuíomh díreach** chun críocha an mhúinteora aonair agus na scoile uile.

Cad ba chóir a áireamh sa chuntas míosúil?

Ba chóir go mbeadh na rudaí seo a leanas san áireamh sa chuntas míosúil:

1. Ábhar - *na rudaí a múineadh nó an dul chun cinn foghlama a rinneadh*
2. Machnamh múinteora - *ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim*

Tá na teidil sin á n-úsáid de thoradh na moltaí a rinneadh don phleanáil ghearrthéarmach. Ar an gcaoi seo, déantar nasc soiléir idir *Curaclam na Bunscoile* (ROS, 1999), an plean uile-scoile, pleanáil múinteoirí aonair agus foghlaim agus teagasc sa seomra ranga. Forbraítear na teidil seo thíos.

1. Ábhar

Ba chóir go leagfaí amach sa chuntas míosúil a bhfuil múinte ag múinteoir agus/nó breithiúnas gairmiúil an mhúinteora ar dhul chun cinn foghlama na leanaí le linn na míosa sin agus tagairt á déanamh do na cuspóirí foghlama arna sainaitheint sa phlean gearrthéarmach.

Má bhíonn cuspóirí foghlama in aon seachtain/aon choicís sainiúil, insroichte agus réadúil, is dóchúla go mbeidh níos mó brí sa chuntas míosúil.

2. Machnamh múinteora

Ba chóir go gcabhródh an machnamh leis an múinteoir feabhas a chur ar a chleachtas /a cleachtas gairmiúil laethúil. Tugann an saghas seo machnaimh deis don mhúinteoir díriú ar chaighdeán na foghlama agus an teagasc le mí anuas. Beidh impleachtaí ag na torthaí maidir le pleanáil ranga ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas bheith úsáideach chun tacú leis an saghas seo machnaimh ghairmiúil:

Ar fhoghlaim an chuid is mó de na leanaí ar leag mé amach i mo phleananna gearrthéarmacha?

An ndearnadh aon rud ar éirigh go han-mhaith leis chun an leibhéal foghlama seo a bhaint amach?*

An bhfuil aon rud ba cheart dom a dhéanamh ar shlí eile an chéad uair eile chun foghlaim na leanaí a fheabhsú?

**B'fhéidir go ndéanfá machnamh ar chuid díobh seo: cuspóirí foghlama; luas an cheachta; gníomhaíochtaí foghlama; modhanna múinte; straitéisí idirdhealaithe; modhanna measúnaithe; deiseanna don chuimsiú agus don nascáil; acmhainní.*

B'fhéidir, chomh maith, gur mhian leat aon chleachtas gairmiúil a rinne tú lasmuigh de seomra ranga a lua. (m.sh., forbairt ghairmiúil, pleanáil chomhoibríoch, do chuid rannpháirtíochta sa scoil mar aon le do chuid teagasc sa seomra ranga)

Formáid an Chuntais Mhíosúil

Moltar do scoileanna comhfhormáid don chuntas míosúil a aontú agus glacadh léi lena húsáid sna ranganna ar fad. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an gcuspóir atá comhaontaithe ag an scoil maidir leis an gcuntas míosúil ar an bhformáid seo. Moltar, dá bhrí sin, go dtéann múinteoir nua i gcomhairle le príomhoide na scoile lena fháil amach an bhfuil formáid ar leith comhaontaithe ag an scoil.

Tá teimpléid shamplacha don chuntas míosúil ar fáil lena mbreithniú ag foireann na scoile. Tá na teimpléid ar fáil ar www.teacherinduction.ie nó www.pdst.ie.

Ní bheartaítear na teimpléid shamplacha a bheith forordaitheach, ach ba chóir iad a úsáid chun plé a spreagadh i measc fhoireann na scoile. Moltar don fhoireann ansin teimpléad a dhearadh a d'oirfeadh dá riachtanais féin.

Cúinsí eagraíochtúla uile-scoile

Moltar don fhoireann uile-scoile smaoineamh orthu seo a leanas:

Cá stórálfar na cuntais mhíosúla? Cé na daoine a mbeidh rochtain acu orthu?

Cá fhad a stórálfar iad? (Tarraing aird ar Riail 126)

An dtabharfar iad ó mhúinteoir go múinteoir?

An úsáidfear iad chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an bPlean Scoile?